


# Laibhesreabha maothánacha forluite i bPlána Daedalia

ESP_037641_1560

HiRISE
HIGH RESOLUTION IMAGING
SCIENCE EXPERIMENT
UAHIRISE.ORG/GA
THE UNIVERSITY OF ARIZONA

Athraíonn na laibhesreabha ó dheas ó Shliabh Arsia i bPlána Daedalia ó shreabha óga le deilbheolaíochtaí fadaithe, casta ar an taobh thoir thuaidh, do sheanmhaotháin leathana is leathánshreabha ar an taobh thiar theas. (Is é an t-amscála garbh atá i gceist againn anseo ná 100 milliún go dtí 1 bhilliún bliain.) Ag imeall deisceartach réigiún Tharsis, ionannaíodh plánaí bolcánacha, níos sine fós, b'fhéidir 3 bhilliún bliain d'aois, mar a dhéanann sreabha Tharsis teagmháil leis na hardchríocha seanársa.